ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND



Plean Ceadúnaithe Raidió Pobail 2022

Plean Ceadúnaithe Údarás Craolacháin na hÉireann le haghaidh Raidió Pobail (FM) 2022

Ceanglaítear ar Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI), mar an comhlacht atá freagrach as cúrsaí craolacháin in Éirinn a rialáil, faoin Acht Craolacháin 2009 straitéis a ullmhú le haghaidh seirbhísí craolacháin a sholáthar in Éirinn.

Tugtar breac-chuntas ina Straitéis um Seirbhísí Craolacháin reatha[1], a foilsíodh i Samhain 2018, cur chuige BAI i leith ceadúnú seirbhísí craolacháin sa Stát (chomh maith leis na seirbhísí a chuireann RTÉ agus TG4 ar fáil) agus tugtar breac-chuntas ar fhís BAI maidir le meascán barrmhaith seirbhísí.

De bhun a oibleagáide reachtúla pleananna a chur ar fáil maidir le líon, cineál agus scóip conarthaí craolacháin a mholann sé a dhéanamh (ar mholadh an Choiste um Dheonú Conarthaí), cuireann an BAI a phlean Ceadúnaithe ar fáil le haghaidh gníomhaíocht cheadúnaithe le tosú in 2022.

Is é atá sa phlean ceadúnaithe seo ná gealltanas tabhairt faoin bpróiseas athcheadúnaithe le haghaidh dhá (2) sheirbhís craolacháin fuaime pobail, mar a shonraítear sa tábla thíos anseo.

	Cineál Seirbhíse	Réimse Saincheadúnais
1.	Conradh craolacháin fuaime do Sheirbhís Craolacháin Fuaime Pobail amháin (1)	Baile Átha Luain agus an Ceantar Máguaird
2.	Conradh craolacháin fuaime do Sheirbhís Craolacháin Fuaime Pobail amháin (1)	Baile Átha Cliath Theas

[1] https://www.bai.ie/ga/an-straiteis-um-sheirbhisi-craolachain-foilsithe-ag-udaras-craolachain-na-heireann/